LUACH €1.50

LEATHANACH I

AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 4 EAGRÁN 5 MEÁN-DEIREADH FÓMHAIR 2017

An bhfuair tú an vac-saín fliú?

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
An Tríú Lá Déag	2
An Bhé Dhátheangach	2
Bliain na Gaeilge	2
Scéal Grinn na míosa	3
Lafcadio Hearn II	4
Turas go Carn Tóchair	5
Scannáin Uafáis	6
Seal ag siobaireacht II	7
Raymond Chandler agus Port Láirge	8
Déanann fearann fianaise	6
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Inuit agus an Ghaeilge	11
1917 Bliain na Réabhlóidí sa Rúis	12

BÍ PÁIRTEACH I SAOL NA GAEILGE

Mar a tharlaíonn rómhinic na laethanta seo bhí deascéalta agus droch-scéalta le léamh faoin nGaeilge le déanaí. Ní raibh aon rian sa cháinais-néis go raibh mórán suime ag an rialtas i gcur chun cinn na teanga. I gcomhthéacs an mhéid airgid atá á chaitheamh ar na healaíona is beag an méid atá ag dul don teanga náisiúnta. Is léir freisin go bhfuil an Ro-inn Oideachais ar nós cuma liom faoi stádas na Gaeilge sna scoileanna le heaspa múinteoirí do Ghaelscoileanna agus easpa múinteoirí Gaeilge do scoileanna ag an dara leibhéal.

Ar an lámh eile tá na deascéalta. Tá Na Gaeil Óga (Club Chumann Lúth-chleas Gael) ag dul ó neart go neart agus iad ina sár-eiseamláir don CLG ar fud na tíre agus d'eagraíochtaí eile spóirt. Leanann an Tob-Ghaeltacht ar aghaidh sa phríomhchathair agus tá cinn ar siúl i mbailte éagsúla ar fud na tíre anois. Tá na maidineacha caife fós ar siúl agus ag dul i méid. Cuireann siad an Ghaeilge labhartha i measc an phobail agus tais-peánann siad do dhaoine go bhfuil saol ag an teanga taobh amuigh de leabhair scoile. Déanann Siúlóirí na hAoine (thíos) an rud céanna - ar an mbus, ar an traein, i ndánlanna, i bpáirceanna agus ar shráideanna naofa Bhaile Átha Cliath. Is cath gach imeacht Gaelach i gCogadh na Teanga agus is saighdiúirí muid uile sa chogadh sin. Ní urchair atá againn ach focail bhinne Gaeilge. Leanaimis ag troid!

Siúlóirí na hAoine ar chuairt ar Chloigtheach Chluain Dolcáin

antaobhothuaidh2014@gmail.com

CEACHT BEAG GAEILGE: AN RÉIMÍR (PREFIX) "DROCH" (BAD)

Nuair a chuirtear an réimír "*droch-*" roimh ainmfhocal tá an chiall "bad" (nó uaireanta "*poor*", "*evil*") leis.

Séimhítear túschonsan an ainmfhocail tar éis "*droch*" agus **ní chuirtear fleiscín** (hyphen) idir an "*droch*" agus an t-ainmfhocal **ACH AMHÁIN** nuair a thosaíonn sé le "**c**"

drochb**h**ail - bad condition; drochb**h**arúil - bad opinion;
drochd**h**uine - bad person; drochf**h**uil - bad blood; drochg**h**uí - curse;
dro**ch**-**ch**áil - bad reputation; dro**ch**-**ch**aint - bad language;
dro**ch**-**ch**or- bad turn; dro**ch**-**ch**roíoch - bad hearted;

ní chuirtear fleiscín idir "droch" agus ainmfhocail dar tús guta:

drochainm - bad name; drocheagar - bad state;
drochiompar - bad behaviour; drochoiliúint- bad training; drochuair - evil hour;

An Tríú Lá Déag *Rita Ní Ghóilín*

Ar an tríú lá dhéag
Chuaigh mé ar thuras
Bhí an bhialann dúnta
Nuair a shroich mé an doras.

Ag dul ar bhus a 10
Chonaic mé slua.
Ní raibh a lán trácht ann
Is chuaigh muid ann gan dua.

An béile is fearr liom
Sa tír, b'fhéidir sa domhan,
Béile blasta dathúil
Sé díreach a bhí ann

Má théann tú go Béal Feirste
An tríú déag mí Iúil
Má tá bialanna dúnta,
Seo libh mo rún

Bus a 10 don Chultúrlann
A stopfaidh ag an doras,
Faigh Sicín California
A shásóidh do thuras.

Ansin faigh tacsaí dubh
Le teacht ar ais go sciobtha
Is suigh amuigh ar an tsráid
Ag ól *Caffè Nero* caife.

Agus ceannaigh na nuachtáin
Nach bhfuil ar fáil i mBré,
Is léigh faoi imeachtaí
An dara lá dhéag.

AN BHÉ DHÁTHEANGACH 2
(The Bilingual Muse 2)

Leabharlann Shráid an Phiarsaigh, Sráid an Phiarsaigh,

Dé Céadaoin, 15 Samhain 2017

5.45 – 7.45 pm

Oíche mhór filíochta, amhrán agus ceoil
ráite as Gaeilge agus as Béarla ag na húdair:

Diarmait Ó hAirt, Tarlach Ó Sándair, Beití Bach,
Antoinín Ó Dálaigh, Seán Ó Meara,
Declan Collinge, Martin Hansard.

Ceol: *Pilib Sexton, Brendan Ó Ruairc*

Saorchead isteach *Fáilte roimh chách*

BLIAIN NA GAEILGE 2018

Níl ach dhá mhí fágtha go dtosóidh Bliain na Gaeilge. D'iarr mé ar mhuintir na maidineacha caife (MC) comhrá a thosú faoin ábhar, agus faoi na rudaí a bheadh siad in ann a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn i 2018. Caithfidh mé a admháil nár chuala mórán uathu go fóill. Tá mé mar ghuth (nó mar pheann) san fhásach! Bhí mé ag MC amháin in Ionad Paróiste le déanaí agus bhuail an smaoineamh sinn iarracht a dhéanamh fógraí dátheangacha a ullmhú don áit in ionad na cinn atá ann faoi láthair san aon teanga éiginnteachta (An Béarla) atá againn sa tír seo. Cad a dhéanfaidh sibhse?

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Shiúil fear isteach i ndeochlann agus d'fhiafraigh sé den óstóir, "*Má thaispeánaim cleas an-mhaith duit an dtabharfaidh tú deoch dom saor in aisce?*" Rinne an t-óstóir a mhachnamh ar an tairiscint agus ansin thoiligh sé leis an rud a dhéanamh. Chuir an fear a lámh ina phóca agus tharraing sé amach francach beag. Chuir sé a lámh ina phóca eile agus tharraing sé amach pianó beag. Shín an francach é féin, bhain sé smeach as a chuid alt, agus thosaigh sé ag seinm na ngormacha. "*Tá sin go hiontach*", arsa an t-óstóir ag tabhairt an dí dó. Nuair a bhí an deoch ólta aige dúirt an fear, "*má thaispeánaim cleas níos fearr duit an dtabharfaidh tú deochanna saor in aisce dom do chuid eile na hoíche?*" Tar éis an chéad chleas a fheiceáil ní raibh aon doicheall ar an óstóir toiliú go fonnmhar leis é a dhéanamh. Chuir an fear a lámh isteach ina phóca ascaille, thóg sé amach tarbhloscán beag agus chuir sé in aice an phianó é. Ar an toirt thosaigh sé ag canadh le ceol an fhrancaigh. Thit an lug ar an lag ag an óstóir. Thug sé na deochanna don fhear go fonnmhar. Bhí fear gnó ardnósach in aice na beirte agus chuala sé a gcomhrá agus chonaic sé na hainmhithe beaga iontacha. Thairg sé €1,000 don fhear orthu. Dhiúltaigh an fear. D'ardaigh sé a thairiscint de réir a chéile go €50,000 ach dúirt an fear, "*Tá an francach agam le fada an lá agus is cuid den teaghlach é anois. Ní ligfeadh mo pháistí dom é a dhíol*". "*Tabharfaidh mé an méid chéanna airgid duit don tarbhloscán amháin má dhéanann tú an malartú anois díreach*", arsa an fear gnó. Ba chosúil go raibh an fear idir dhá chomhairle i dtús ach, i ndeireadh na dála, tar éis beagán braiteoireachta, rinneadh an margadh agus mhalartaigh sé an tarbhloscán don airgead leis an bhfear gnó a d'imigh leis go gasta."*An bhfuil tú as do mheabhair?*", d'fhiafraigh an t-óstóir, "*bheadh tú in ann na milliún euro a fháil ó chomhlachtaí teilifíse gan aon stró leis an tarbhloscán sin*". "*Ná bí buartha*" d'fhreagair an fear, "*ní aon rud ar leith é an tarbhloscán, is gnáth ainmhí é. Is bolgchainteoir é an francach, is eisean a bhí ag canadh*"!

Foclóirín

deochlann - public house; d'fhiafraigh sé (de) - he asked; óstóir - publican; taispeánaim - I show; cleas - trick; tabharfaidh tú - will you give; deoch - drink; saor in aisce - free; rinne (sé) a mhachnamh ar - he considered; tairiscint - offer; thoiligh sé le - he agreed to; tharraing sé - he pulled; francach - rat; shín - stretched; bhain sé smeach as a chuid alt - he cracked his knuckles; thosaigh sé - he started; ag seinm - playing; na gormacha - the blues; go hiontach - amazing; ólta - drunk; níos fearr - better; don chuid eile den - for the rest of ; tar éis - after; an chéad - first; doicheall - reluctance; toiliú leis - agree with him; go fonnmhar - willingly; póca ascaille - inside breast-pocket; tarbhloscán - bullfrog; ar an toirt - immediately; ag canadh - singing thit an lug ar an lag ag - he was flabbergasted; fear gnó - businessman; ardnósach - pompous; in aice - beside; beirt - pair (people); chuala sé - he heard; comhrá - conversation; ainmhithe - animals; thairg - offered; dhiúltaigh - refused; d'ardaigh - he increased; de réir a chéile - gradually; le fada an lá - for a long time; ní ligfeadh - would not allow; a dhíol - to sell; méid chéanna - the same amount; malartú - exchange; anois díreach - immediately; ba chosúil - it seemed; idir dhá chomhairle - undecided; i dtús - at first; i ndeireadh na dála - finally; beagán - a little: braiteoireacht - hesitation; margadh - bargain; d'imigh - left; go gasta - quickly; meabhair - mind; d'fhiafraigh - asked; in ann - able; a fháil - to get; comhluchtaí - companies; aon stró - any difficulty; buartha - worried; ar leith - special; gnáth - ordinary; bolgchainteoir - ventriloquist; is eisean a bhí - it was him;

LAFCADIO HEARN - II

Criostíona Ní Choisdealbha

In 1890 fuair Hearn coimisiún dul go dtí an tSeapáin mar thuairisceoir, theip ar an gcoimisiún ach d'fhan Lafcadio ann. Spreag an tír sin é chun pinn. Thosaigh sé ag múineadh Béarla i Matsue, baile in iarthar na Seapáine in aice na farraige. Bhí mé féin ansin sa bhliain 1989, chonaic mé an teach agus iarsmalann Lafcadio Hearn ansin. Cheannaigh mé a leabhar, "*Glimpses of Unfamiliar Japan*" ansin agus léigh mé é tráth. Tá an-tóir sna saolta seo ar an teach agus ar an iarsmalann.



Phós Lafcadio Hearn Koizumi Setsu, iníon ó theaghlach Samúraí áitiúil i Matsue agus bhí ceathrar páiste acu. Sa bhliain 1891 bhí Lafcadio ag múineadh Béarla i Kumamoto, áit ar thug mé cuairt tráth. Sa bhliain 1895 fuair sé Saoránacht Sheapánach agus d'aistrigh sé a ainm ó Hearn go Koizumi Yakumo. Ciallaíonn "*Koizumi*" "*foinse bheag*" agus ciallaíonn "*Yakumo*" "*ocht scamall*". Baineann an chuid is mó d'ainmneacha na Seapáine leis an timpeallacht.

I 1896 ghlac sé post mar Ollamh in Tokyo ag múineadh Béarla agus litríochta. Thagair sé do scríbhneoirí Éireannacha, cur i gcás, Goldsmith, Swift, Edmund Burke, Richard Brinsley Sheridan, Maria Edgeworth agus Thomas Moore. Scríobh sé scéalta taibhsiúla agus finscéalta agus bhí tionchar air ón mbéaloideas agus ó na piseoga a chuala sé agus é ag fás aníos in Éirinn go háirithe nuair a bhí sé ar a laethanta saoire i dTrá Mhór i bPort Láirge. Bhí meas aige ar Yeats agus suim mhór aige dó i gcónaí. Bhí roinnt mhaith cosúlachtaí idir Hearn agus James Joyce. Bhí oiliúint Íosánach ag an mbeirt, bhí siad frithchléireach, bhí suim mhór acu sa litríocht, bhí fadhbanna súile ag an mbeirt agus na hábhair mhachnaimh a bhí acu ná an teanga, focail agus gluaiseacht na mbrionglóidí.

Fuair Lafcadio Hearn bás sa bhliain 1904 agus ní raibh sé ach ceithre bliana is caoga d'aois. D'fhág sé oidhreacht mhór litríochta ina dhiaidh. Tá ceithre scéal le Lafcadio sa scannán '*Kwaidan*', stiúrtha ag Masaki Kobayashi. Tá ionad cultúrtha Hearn in Ollscoil Durham, Sasana. Rinne Lafcadio aistriúcháin ar na gearrscéalta de Guy de Maupassant, Emile Zola, agus Flaubert. Tá gairdín cuimhneacháin Hearn i bPort Láirge, agus is fiú dul ann. Thug sé léargas dúinn ar an tír agus ar na daoine draíochtacha rúnmhara sin, go háirithe sa leabhar : "*Japan - An Attempt at Interpretation*" – léitheoireacht riachtanach chun tuiscint dhomhain a fháil ar an tSeapáin.

Chun deireadh a chur le m'alt ba mhaith liom rud beag a rá faoi na nithe inar chuir Lafcadio Hearn spéis. Thaitin an luisne sa tráthnóna leis, ba mhaith leis bheith ag snámh le linn an tSamhraidh, bhí suim aige in Basho (file Seapánach), i gcrainn chéadair, i reiligí uaigneacha, i bhfeithidí, in ainmhithe beaga, i scéalta taibhsiúla agus thaitin go mór leis freisin bheith ag éisteacht le guth an phíobaire fraoigh (grasshopper) agus é ag staidéar i lár lae Samhraidh. Tá súil agam go bhfuil suim agat anois níos mó a léamh faoin bhfear suimiúil sin, faoin na leabhair a scríobh sé agus a shaol.





TURAS GO CARN TÓCHAIR

Proinsias Mac an Bheatha

D'eagraigh Seán Ó Coileáin turas go Carn Tóchair i nDoire le déanaí. Is comhphobail iad i measc Shliabh Speirín, atá ag forbairt a gcultúir ó thaobh na Gaeilge, an spóirt, agus an cheoil de.

Mhínigh Niall Ó Canáin ón gCoiste Forbartha dúinn gur thosaigh siad ag bailiú airgid i mbuicéid sna 90idí chun teachín a chur i bpáirc agus Gaelscoil a bhunú. Ní raibh na húdaráis ag an am sa Tuaisceart sásta aon deontas a thabhairt dóibh. Bhí orthu féin an múinteoir a fostaíodh a íoc.

Ó shin tá Gaelscoil cheart bunaithe acu agus 120 dalta anois ag freastal uirthi. Ní hamháin sin ach tá tithe do theaghlaigh le Gaeilge tógtha acu. Tá tithe tógtha mar lóistín turasóireachta , chomh maith le hIonad Ealaíon, Oifig a'Phoist agus siopa, Ionad Comhdhála le hamharclann álainn agus Club CLG Roibeard Éiméid Sleacht Néill. Tháinig Saineolaí Nádúir ó Shasana a raibh a bhean ón gceantar, chun Tearmann Dúlra, cosáin nádúir agus cosáin sléibhe a bhunú. Anois tá Gaelcholáiste (Meánscoil) oscailte i nDún Geimhin, cóngarach dóibh.

Thug an cúigear againn cuairt ar ionad Cairde Teoranta in Ard Mhacha ar an mbealach chuig ár lóistín i gCarn Tóchair. Lá arna mhárach thugamar cuairt ar na réigiúin ar theorainn Dhoire agus Thír Eoghain áit a raibh na Gaeilgeoirí deireanacha ann go dtí na 1970idí. Fuaireamar léacht ó Muiris Ó Brollacháin faoi na Gaeilgeoirí sin agus mar a fuair an Ghaeilge ann bás.

Lá arna mhárach thugamar turas ar Chathair Dhoire. Thug Ciarán Mc Carron sa Chultúrlann caint dúinn faoin obair atá idir lámha acu sa Chathair. Tá Acadamh Ceoil acu anois in aice na Cultúrlainne. Freisin, taobh leo tá Iar-Theach Tionóil de chuid na bPreispitéireach cean-naithe acu agus tá siad chun amharclann a dhéanamh as. An tráthnóna sin thug Ruairí Ó hEara muid ar thuras timpeall bhallaí Dhoire agus Thaobh an Bhogaidh.

Bhaineamar an-sult agus tairbhe as an turas agus táim an-bhuíoch as an mhéid oibre a rinne Seán Ó Coileáin chun an turas a eagrú dúinn.

SCANNÁIN UAFÁIS

Pádraig Mac Éil

Spreagann scannáin uafáis (horror films) mothúcháin faitís, eagla, scéine agus sceimhle ina lucht féachana, lena tagairtí d'ainspioraid (evil spirits), do dheamhain (demons), do thorathair (monsters), do thaibhsí (ghosts), do shúmairí (vampires), agus araile. Le teacht Ré na Scannán ba sheánra (genre) tábhachtach é an t-uafás.

Ceaptar gurb é "*Le Manoir du Diable*, 1896" an chéad scannán uafáis (féach ar *YouTube)*. Ní chuirfeadh sé eagla ar pháistí an lae inniu. Rinneadh an chéad leagan de "*Frankenstein,* 1910" i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhí tionchar ag an nGearmáin ar an seánra sna 1920idí le "*Der Golem*,1920" agus le "Nosferatu (1922)" a bhí bunaithe ar úrscéal Bram Stoker, "*Dracula*". Ba é "*The Terror* (*An Sceimhle*)" an chéad scannán uafáis fuaime (ní deamhan ,ach dúnmharfóir a bhí i gceist). Níl ach a fhuaimrian caomhnaithe fós againn. Sna 1930idí bhain *Universal Studios* cáil (agus airgead!) amach le sraith (series) B-scannán mar "*Frankenstein*, 1931", "*Dracula*, 1931", "*The Mummy* (*An Seargán*), 1932", agus "*The Werewolf of London* (*Conriocht Londain*), 1935". Bhí ainmneacha na haisteoirí, Bella Lugosi, Boris Karloff agus Lon Chaney Jr i mbéal an phobail de bharr na scannán sin.

I Ré na Teilifíse bhain Hollywood triail as seifteanna éagsúla chun daoine a mheall chuig na scannánlanna (cinemas). Ba scannán uafáis an chéad scannán daite tríthoiseach (3-T) é "*House of Wax*, 1953" le Vincent Price. In "*The Tingler* (*An Griofadaí*), 1959" baineadh feidhm as seift, ar a tugadh "*Percepto*!". Cuireadh gléasanna creathacha (vibrating devices) i

roinnt de na suíocháin i scannánlanna móra. Díreach ag buaicphointe an scannáin d'éalaigh An Griofadaí isteach sa scannánlann mar dhea (ostensibly), d'athraigh an scáileán go dath dubh agus múchadh na soilse san áit. Cloiseadh guth Price ansin ag rá "*A fheara agus a mhná, ná téigí chun scaoill (do not panic) ach scréach! Scréach ar son do bheatha! Tá an Griofadaí scaoilte sa scannánlann!*" Ar chloisteáil seo chuir an teilgeoir (projectionist) na dordánaithe (buzzers) ar siúl, ag tabhairt geit gan choinne do chuid den lucht féachana agus, de ghnáth, á spreagadh chun screadach! I gcúpla cás fostaíodh daoine chun scréacha a ligean nó chun titim i bhfanntais (faint) agus fiú bhí altra bréaga sa bhforhalla (lobby) chun duine a thabhairt ar thralaí go hotharcharr! Ré níos soineanta (innocent) a bhí ann. Ní chuirfeadh cleas mar seo isteach ar bharbaraigh an lae inniu! Ar aon nós is dócha go gcuirfeadh imní faoi shábháilteacht (safety) cosc air.

Sna 1950idí agus sna 1960idí tháinig sraith scannán faoi "*Dracula*", agus "*Frankenstein*" ó Hammer Films i Sasana le Christopher Lee agus Peter Cushing. Ag an am céanna thosaigh sraith le "*House of Usher*, 1960" déanta ag Roger Corman (SAM) le Vincent Price bunaithe ar scéalta Edgar Allen Poe. Ó dheireadh na 1960idí ar aghaidh caitheadh níos mó airgid ar scannáin uafáis mar shampla "*Rosemary's Baby*, 1969), agus "*The Exorcist*, 1973" a bhain leis an Diabhal agus cinn faoi fhoirgnimh taibhsí (haunted buildings) mar "*The Shining* , 1980" agus "*Poltergeist* 1982". Ina dhiaidh sin thosaigh sraitheanna sa fosheánra scannáin sléachta (slasher) a bhí lán le fuil agus le hár – "Friday 13th", "*A Nightmare on Elm Street"*, agus araile agus, faraor, tá siadsan linn fós.

Baineann scannáin uafáis lena lán fosheánra, mar shampla ficsean eolaíocht (science fiction), gotach (gothic), osnádúrtha (supernatural), zombaí (zombie) agus araile. Beidh siad againn i gcónaí mar dealraíonn sé go dtaitníonn an scéin agus an scréachach linn.

SEAL AG SÍOBAIREACHT - II

Roibeárd Mac Cathmhaoil

D'fhéach mé ar chúl chun slán a chroitheadh do mo chara agus thug an bhean Ghearmánach faoi deara cad a rinne mé. "*Cé hé sin*?". "*Is é mo chara é. Bhí sé deacair síob a fháil le chéile. Tuigim nach mbíonn daoine compordach síob thabhairt do bheirt strainséirí*". Stad siad an gluaisteán agus thug comhartha do mo chara teacht aníos go dtí an carr. Bhog sí ciseán éadaigh ón suíochán in aice liom agus rudaí eile a bhí ann agus chuir sí sa bhúit ar chúl an chairr iad. Chuir mo chara a mhála isteach sa bhúit freisin agus shuigh sé in aice liom. Leanamar ar aghaidh. Tar éis tamaill dúirt an fear go raibh suim aige i scríbhneoirí na hÉireann, go háirithe Yeats agus Joyce agus daoine mar sin. D'fhiafraigh an fear díom cén fáth go rabhamar ag dul go hIosrael. D'inis mo chara an scéal dóibh. Giúdaigh ab ea iad. D'éirigh sé as obair agus bhí

siad ag dul go grianán a bhí acu i lár na Coille Duibhe. Thug siad cuireadh dúinn dul in éineacht leo go dtí an grianán agus béile a ithe le chéile. Bhí iontas an domhain orm. Duine aosta agus cuireadh á thabhairt do bheirt strainséirí a bhuail leis ar an mbóthar! Ghlacamar leis an gcuireadh. Iar-Bhreitheamh sa Chúirt is airde i gceantar Heidleberg ab ea é agus bhí sé ag scríobh a bheathaisnéise. Chaith sé an t-am sa ghrianán ag scríobh mar bhí sé an-chiúin ansin. Bhí an grianán i lár na coille agus an radharc go hálainn. Chuaigh mé féin agus an bhean amach ag lorg beacáin fiáine don dinnéar. Agus muid á mbailiú bhí sí ag caint faoi na comhar-san a bhí aici i ngrianáin eile. Síc (sheik) ab ea úinéir an ghrianáin sin agus ba leis An Prionsa Philip ó Shasana an grianán eile, srl. Nuair a bhí go leor beacán againn d'filleamar go dtí an grianán agus bhí an fear aosta ina chodladh sa chathaoir mhór in aice na tine deasa a bhí ann. Bhí tine déanta aige mar ní raibh sé róthe mar bhí an grianán thuas na sléibhte i measc na gcrann agus ní raibh siad ann le cúpla seachtain. Tar éis tamaill bhí béile deas againn. "Stobhach Gaelach" an t-ainm a bhí air, in onóir na gcuairteoirí Éireannacha. Bhíomar ag plé faoi Iosrael agus Éire agus scríbhneoirí agus ó am go ham thitidh an fear ina choladh go tobann ar feadh cúpla nóiméad agus go tobann arís mhúsclaíodh sé agus leanadh air ag caint. Ag a seacht a chlog sa tráthnóna thug sé síob dúinn go dtí an bealach mór chun síob a fháil arís go dtí an baile ba chóngaraí. Bhí an t-ádh linn. Gan mhoill ina dhiaidh sin tháinig leoraí mór agus bhí síob againn arís. Bhíomar ar ár mbealach go dtí Baden Baden.

RAYMOND CHANDLER AGUS PORT LÁIRGE

Máire Blundell

Údár cáiliúil (famous) is ea Raymond Thornton Chandler. Scríobh sé a lán leabhar bleachtaire, mar shampla, "*The Big Sleep*", "*Farewell my Lovely*" agus "*The High Window*". Is é Philip Marlowe, bleachtaire príobháideach, an príomhcharachtar (saghas frithlaoch/antihero) sna scéalta: duine crua is ea é ach duine greannmhar freisin. Caitheann sé a lán ama ag imirt fichille (chess) agus ag ól agus, ó am go ham, ag léamh dánta!

Mac de Mhuiris agus Florence (nee Thornton) ab ea Raymond. Ba as Port Láirge í Florence. Bhí a tuismitheoiri ina gcónaí i dteach mór i bPort Láirge, 32 John's Hill. Teaghlach Protastúnach (baint acu le Cumann na gCarad, Quakers) agus Angla-Éireannach ab ea iad. Ba dlíodóir é a seanathair, Isaac, agus bhí trí oifig aige: í bPort Láirge, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Bhí clann mhór ag athair Florence agus thóg mac amháin, Ernest, spéis mhór ina nia Raymond. Ní raibh Florence sásta sa bhaile agus bhog sí go Stáit Aontaithe Mheiriceá chun saol níos fearr le níos mó saoirse a fháil agus rugadh Raymond ansin i Siceagó, Illinois, 23 Iúil 1888.

Teach Raymond Chandler, Port Láirge

I 1900 nuair a bhí Raymond dhá bhliain déag d'aois, bhog seisean agus a mháthair ar ais go Port Láirge mar scar sí óna a fear céile (athair Raymond - b'alcólach é). Bhí a Uncail Ernest an-saibhir agus ní raibh aon pháistí aige. Thóg sé Raymond faoina sciathán agus d'íoc sé a tháillí scoile i scoil phríobháideach, Coláiste Dulwich i Londain, Sasana. Níor mhaith le Raymond bheith ina chónaí le teaghlach a mháthar mar bhí siad an-chantalach. Níor thaitin a Uncail Ernest leis fiú, Nuair a d'fhás sé aníos d'fhill se ar SAM lena mháthair agus bhain siad taitneamh as saol a bhí ní ba neamhshrianta (freer), ach bhí Port Láirge ina áit dhúchasach agus d'fhill sé ann thar na blianta.

I 1924, tar éis bhás a mháthar, phós sé bean níos sine ná é féin, Cissy Pascal. Thosaigh sé ag scríobh scéalta bleachtaire nuair a chaill sé a phost. Ba é "*Blackmailers don't shoot*" an chéad scéal leis a foilsíodh i 1933. Nuair a fuair Cissy bás i 1954 bhris a chroí. Thosaigh sé ag ól ansin agus ag lorg mná eile! Fuair sé bás 26 Márta 1959 i San Diego, California.



Dúirt an léirmheastóir Dr Frank McShane go raibh Raymond ina scríbhneoir ar fheabhas cosúil le Joyce, Tolstoy, agus Chaucer. Feictear ar trí leabhar dá chuid, "*Farewell, my Lovely* (1940)", "*The Little Sister* (1949)" agus "*The Long Goodbye* (1953)" mar shárshaothair (masterpieces). Rinneadh agus athrinneadh scannáin dá úrscéalta le haisteoirí mar Dick Powell, Humphrey Bogart, Robert Montgomery, James Garner, Elliott Gould agus Robert Mitchum i bpáirt Marlowe. Ba scríbhneoir scripte scannáin (screenwriter) é Chandler do "*Double Indemnity* (1944)", "*The Blue Dahlia* (1946)" agus "*Strangers on a Train* (1951)" agus fuair sé ainmniúcháin do Dhuais an Acadaimh don chéad dá cheann.Tá mise an-bhróduil as Raymond Chandler mar rugadh agus tógadh mé i bPort Láirge.



DÉANANN FEARANN FIANISE

Antóin Ó Seaghdha

Nuair a bhíos ag fás aníos, bhí go leor scéalta ag daoine, go háirithe daoine aosta, faoi thaibhsí (ghosts) agus rudaí a bhí ag tarlú san oíche. Níl fhios agam go cinnte cén uair a cuireadh deireadh leis an chaitheamh aimsire sin ach sé mo thuairim, nuair a tháinig an solas aibhléise (electric light) isteach sna tithe agus ar na bóithre, ní raibh an draíocht chéanna faoin tuath. Ní caitheamh aimsire domsa áfach, bheith ag éisteacht leis na scéalta sin, mar chreid mé go rabhadar fíor agus creidim fós iad.

Is cuimhin liom go maith bheith ag rothaíocht abhaile ó na scannáin i m'aonar oíche amháin, gaoth láidir ag séideadh, an ghealach gheal sa spéir, agus ag dul thar reilig (cemetery), chonaic mé fear ina shuí ar thuama (tomb) agus é ag caitheamh a phíopa (pipe). An rud ba scanrúla (frightening) faoi ná, nach raibh aon chosa air, ach bhí sé ag ligean a scíthe agus ag féachaint amach i dtreo gheata na reilige. Tá an chuid eile don turas abhaile dearmadta agam. Níor inis mé an scéal d'éinne ar feadh cúpla lá, mar bhí eagla orm nach gcreidfeadh éinne mé, agus go gceapfadh siad go rabhas ag dul as mo mheabhair. Sa deireadh, nuair a fuair mé an misneach (courage) chun é a rá do m'athair, dúirt sé "*B'é sin Micheál Ó Dónaill a fuair bás deich mbliana ó shin. Bhí sé mar shaighdiúir sa Chéad Chogadh Domhanda agus cailleadh a chosa. An raibh sé ag caitheamh píopa*?". (Ní hé sin ainm ceart an duine, mar tá a gharmhac fós beo). Ó shin i leith, ní raibh aon eagla orm dul thar an reilig mar bhí aithne agam ar a mhuintir agus daoine macánta ab ea ad. Ba é sin an t-aon oíche a chonaic mé éinne ag féachaint amach as an reilig. Ní rabhas ag ól ag an am, mar bhíos fós ró-óg.

Tháinig an scéal sin im'aigne cúpla lá ó shin nuair a chuala mo bhean chéile scéal ar an chraolachán (raidió) faoi bhean a bhí ag obair mar bhanaltra (nurse) in Ospidéal Beaumont. Oíche amháin nuair a bhí sí ar dualgas (on duty), tharla tionóisc mharfach (fatal accident) ar bhóthar i mBaile Átha Cliath. Gortaíodh go leor daoine agus tugadh na daoine a bhí marbh agus gortaithe go dtí Ospidéal Beaumont. Bhí cailín amháin gortaithe go dona nuair a tháinig sí go dtí an t-ospidéal agus, faraor, fuair sí bás tar éis tamaill. Níos déanaí an oíche sin, bhí an bhanaltra ag dul ar an ardaitheoir (lift) ón Aonad Dianchúraim (Intensive Care Unit) go dtí an mharbhlann (seomra na marbh, mortuary) agus stad an t-ardaitheoir ar urlár eile ar an tslí síos.

Tháinig altra eile, fear ("*fearaltra*" an ea?), isteach agus síos leo go dtí an mharbhlann. Nuair a d'oscail doirse an t-ardaitheoir, chonaic an t-altra duine ina seasamh os a gcomhair, - an cailín a fuair bás sa timpiste a bhí ann. Dúirt an fearaltra leis an gcailín "*Ní féidir leat teacht as an áit seo mar tá tú marbh. Dúirt mé é sin leat cheana*" (*I have told you that already*).

antaobhothuaidh2014@gmail.com

CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-29



TRASNA

1	use
5	hungry
9	suit
11	body
12	april
13	hod
14	talk
16	asthma
18	mystery
20	beseech
22	beggar
24	sandpiper
25	cow
27	sons
28	polished
31	on
32	hindrance
34	suppleness
36	care
37	support
40	analysis
41	shoot
42	thatch
43	season
44	control

SÍOS

2	cattle
3	opportunity
4	alas!
5	on us
6	a hair
7	sincere
8	knives
10	rare
15	jupiter
17	vigil
19	portions
21	lime
22	death
23	cat
25	wall
26	Oh!
29	wait
30	out
32	stuffing
33	chalice
35	layperson
38	slice
39	amber

CUARDACH FOCAL 29

cluichí 1 / games 1

D	E	H	C	I	U	L	H	C	R	O	A	D	P	L
I	B	E	A	N	D	Í	L	R	U	E	A	E	Ó	I
O	T	O	T	D	A	O	R	Í	G	O	N	I	L	E
M	H	T	G	H	É	A	D	C	B	G	H	T	I	H
Á	C	A	I	L	C	N	O	Í	A	T	T	P	E	P
N	O	L	H	C	I	O	A	D	Í	H	I	H	P	N
A	Í	A	B	A	U	A	Í	Ó	C	P	S	E	S	Ó
Í	A	B	E	C	R	L	T	A	L	Í	O	I	I	Í
O	G	B	A	U	C	U	N	H	G	O	C	L	C	L
C	Ó	S	G	G	I	Á	R	U	R	Ó	P	A	O	P
H	S	B	E	A	M	D	A	D	I	Ó	M	D	H	T
T	O	C	I	A	D	L	C	I	L	P	I	A	A	S
I	R	U	C	B	Í	Ó	A	Ó	C	A	H	D	C	R
E	C	L	I	E	H	P	S	I	C	G	Ó	M	A	C

beaindí (bandy)	daorchluiche (baseball)
bogliathróid (softball)	eitpheil (volleyball)
caid (Gaelic Football)	haca (hockey)
camánacht (shinty)	iománaíocht (hurling)
camógaíocht (camogie)	líonpheil (netball)
cispheil (basketball)	póló (polo)
crosógaíocht (lacrosse)	rugbaí (rugby)
cruicéad (cricket)	sacar (soccer)

antaobhothuaidh2014@gmail.com

INUIT AGUS AN GHAEILGE

Seán Ó Fearghail

Is minic a thugann treibh no dream daoine ainm maslach ar a gcomharsan. Mar shampla is ón bhfocal *kimantsi* i dteanga na treibhe Ute agus a bhfuil an chiall "*namhaid* (enemy)" leis, a thagann an t-ainm "*Comanche*".

Ar an mbealach céanna ceapann an-chuid daoine gurb é an brí atá leis an bhfocal *Eskimo* ná "*Daoine a itheann iasc amh*", gur ainm maslach atá ann, agus sin an fáth nach bhfuil na hIonúitigh sásta leis an bhfocal sin mar ainm. Mar a tharla níl an míniú sin fíor ar chor ar bith. Ciallaíonn sé "*duine a cheanglaíonn bróga sneachta*", agus níl sé in aon bhealach díspeagúil (pejorative). Úsáidtear an t-ainm "*Inuit*" i gCeanada toisc gur sin an t-ainm atá orthu féin ansin ina dteanga féin, "*Inuktitut*." Ach tá an t-ainm "*Eskimo* (*Eiscimeach*)" fós in úsáid acu in Alaska.

Cuireann an scéal sin faoi na hIonúitigh, scéal eile i gcuimhne dom - scéal faoi fhoinse na bhfocal *Gael* agus *Gaeilge*. Deirtear go minic go dtagann an focal *Gael* (nó an seanleagan *Gaedheal*) ón bhfocal *Gwyddel* sa Bhreatnais a bhfuil an chiall "*Fear fiáin na coille*" leis, i.e. ainm maslach a bhí ag na Breatnaigh ar na hÉireannaigh. Agus nuair d'fhéach mé isteach sna fhoclóir, fuair mé dhá iontráil: **gwyddel** (*foraois, doire, mothair, fiántas* = *forest, grove, thicket, wilderness*) agus **Gwyddel** (=*Éireannach*). Ba chosúil gur cheap na Breatnaigh nach raibh ionainn ach drong fhíochmhar ón iarthar.

Ach tá seans nach bhfuil sé sin fíor, dar le píosa a léigh mé le déanaí. Sna sean laethanta nuair a bhí an modh scríbhneoireachta Oghaim in úsáid bhí ainm crainn ar gach ceann de na litreacha, mar shampla, A = ailm (*pine*), B = beith (*birch*), C = coll (*hazel*), etc. Agus sa Bhreatnais is é an focal atá ar aibitír (*alphabet*) ná Gwyddor. Mar sin, is féidir go bhfuil ciall eile leis an bhfocal *Gwyddel*, é sin, duine a bhfuil eolas aige ar na litreacha, no duine a bhfuil scríobh aige. As sin, in ionad téarma maslach a bheith san fhocal *Gael*, b'fhéidir gur onóir a bhí á tabhairt ag na Breathnaigh do na hÉireannaigh, go rabhadar den tuairim gur daoine le léinn a bhí ionainn, nó sa Bhéarla "*men of letters*", sa bhrí litriúil.

CROSFHOCAL BG XBG-28: RÉITEACH

	1 I	2 M	E	3 A	L	4 L		5 G	A	6 I	S	7 C	E	
8 S		A		N		9 Ú	L	L		A		I		10 B
11 T	O	C	H	A	I	S		12 U	I	R	E	A	S	A
U		A		M		Á		A		R		P		R
13 A	I	L	L		14 L	I	15 T	I	R		16 D	A	O	R
I		L		17 R		18 L	U	S		19 A		C		A
20 C	E	A	N	A	21 S		A		22 S	O	C	H	23 A	Í
				24 C	N	A	I	G	Í	N			I	
25 Ó	26 G		27 L	Á	Í		T		28 L	A	I	29 S	T	E
30 R	Á	31 S		N		32 F	Í	33 S		D		E		
34 Á	L	T	A		35 S	A	N	T	Ú		36 F	A	D	37 A
I		U		38 T		I		Á		39 C		M		C
40 D	E	A	R	Ó	I	L		41 D	Í	R	E	A	C	H
		C		I		42 L	I	A		U		I		
43 Á	B	H	A	R	A	Í		44 S	C	A	I	R	T	

CUARDACH FOCAL 28: RÉITEACH

M	O	H	C	A	L	L	A	F	R	B	D	H	S	C
A	S	L	N	I	R	I	N	C	S	É	I	C	D	N
G	E	C	L	E	I	T	E	O	G	S	Ú	A	É	Ó
D	R	C	L	B	Ó	M	I	H	E	B	I	E	B	S
Ó	S	U	L	E	H	E	U	C	H	R	L	N	H	H
G	I	C	A	U	T	R	N	I	U	E	I	Í	L	L
M	O	I	S	C	A	I	E	A	R	L	C	L	A	I
U	O	E	H	C	R	I	G	A	M	Í	Í	L	O	O
I	G	I	D	T	H	N	S	N	L	E	N	I	S	G
R	I	N	L	H	B	R	A	Í	R	L	O	E	C	Á
I	O	C	R	E	G	C	N	O	N	I	A	T	A	N
N	Í	S	C	A	A	I	E	I	S	Ú	U	C	C	D
R	I	N	C	U	C	S	A	O	A	R	I	M	H	I
O	E	S	R	E	S	M	C	M	G	O	E	D	I	P

SEANFHOCAL

Is mó a thaibhse ná a thairbhe

It looks better than it is

antaobhothuaidh2014@gmail.com

1917 BLIAIN NA RÉABHLÓIDÍ SA RÚIS

Pádraig Mac Éil

Bhliain Stairiúil ab ea 1916 i saol na tíre seo le hÉirí Amach na Cásca. B'í 1917 Bliain na Cinniúna (destiny) don Rúis. Thug an Sár Nioclás II coróin na hImpireachta suas , tharla dhá réabhlóid agus ceannairc (mutiny), bhí trí rialtais i gcumhacht agus, le linn na tréimhse sin go léir, bhí an Chéad Chogadh Domhanda ag dul ar aghaidh agus Arm na Rúise ag troid i gcoinne na nGearmánach.

Nuair a d'éirigh Sár Nioclás II as i Márta 1917 bhí an tír in anord (chaos) le ganntanas (scarcity) bia, le stailceanna agus an cogadh leis an Ghearmáin ar dul in olcais. Tháinig baill de Pharlaimint na hImpireachta (An Dúma) i gcumhacht i rialtas sealadach faoin bPrionsa Lvov in Petrograd (St Petersburg), príomhchathair na Rúise ag an am. B'iad na huaisle (nobles) agus na fir gnó a bhí sa rialtas sin. Bhunaigh an chosmhuintir tionóil ("*sóivéidí*") ag an am céanna ina raibh gnáth oibrithe agus saighdiúirí. Tháinig Vladimir Lenin ar ais don tír in Aibreán chun cabhrú leis na Boilséivigh (míniú *bolshevik* ná "*ceann den tromlach*"). D'oibrigh an rialtas agus na sóivéidí le chéile ar fad tamaill. Bunaíodh Comhrialtas faoi Lvov ina raibh sóisialaithe. Nuair a shocraigh an rialtas leanúint ar aghaidh leis an gcogadh in aghaidh na nGearmánach tháinig fás mór i líon na Boilséivigh. Ní raibh fonn dá laghad ag na gnáth daoine a thuilleadh troda a dhéanamh. Bhí tréigtheoirí (deserters) ag teacht abhaile ón Fronta. Bunaíodh mílístí do na sóivéidí agus tháinig siad le chéile mar An Garda Dearg in Aibreán. In Iúil tógadh Kerensky (sóisialaí) mar Phríomh-Aire don Dara Chomhrialtas ach tháinig deireadh le sin nuair a tharla "Ceannairc an Ghinearáil Kornilov" i Lúnasa (de réir fhéilire Iúil (Julian) nó Meán Fómhair san fhéilire Ghréagóra nár tháinig i réim sa Rúis go dtí 1918). Bhí ar Kerensky cabhair a fháil ó na Boilséivigh agus an Garda Dearg chun a rialtas a chosaint. Sóisialaithe go léir a bhí sa rialtas nuair a fógraíodh An Rúis mar Phoblacht i Meán Fómhair. Ach bhí na Boilséivigh tar éis greim a fháil ar na sóivéidí agus chuir siad plean le chéile i gcomhair réabhlóide. Ar an 25 Deireadh Fómhair (Féilire Iúil), 7 Samhain (Feilire Ghréagóra) rinne siad ionsaí ar fhoirgnimh i Petrograd chun tús a chuir leis an Réabhlóid Mhór. Má fhéachann tú ar scannán cáiliúil Sergei Eisenstein "*Oktyabr* (*Deireadh Fómhair*), 1928" cheapfá gur tharla troid fhíochmhar le linn na réabhlóide ach, i ndáiríre, ghéill fórsaí an rialtais agus níor maraíodh ach beirt le linn an lae. Is beag troid a rinneadh i gcoinne an ionsaithe ar Phálás an Gheimhridh fiú. Bhí Éirí Amach na Cásca i bhfad níos fíochmhaire. Ach bhí cogadh cathartha le troid ag na Rúisigh an bhliain ina dhiaidh sin, An tArm Dearg i gcoinne an Airm Bháin, agus maraíodh na mílte ansin.

Ceann de mhórimeachtaí stairiúla an 20ú hAois a bhí i Réabhlóid Dheireadh Fómhair 1917 agus tharla a lán rudaí uafásacha sa chéad bhliain sin. Bhí tionchar aici ar an Rúis féin, ar na tíortha in aice léi agus ar an Domhan i gcoitinne. Cuireadh deireadh le hImpireacht an tSáir ach tháinig impireacht eile ina áit. Theip ar sin i 1991 le díscaoileadh An Aontais Shóivéadaigh. An bhfuil an drúis (lust) impireachta ídithe ón Rúis fós? Freagróidh an todhchaí an cheist sin.